2024/1339

14.5.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1339 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Bealtaine 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2074 ([1]).

(2) An 10 Samhain 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2498 ([2]), lena ndéantar na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2017/2074 a athnuachan go dtí an 14 Bealtaine 2024.

(3) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh (CBES) 2017/2074, agus i bhfianaise na géarchéime leanúnaí polaitiúla, eacnamaíche, sóisialta agus daonnúla i Veiniséala, mar aon le gníomhaíochtaí leanúnacha lena mbaintear an bonn den daonlathas, den smacht reachta agus den urraim do chearta an duine, in éagmais dul chun cinn nithiúil infhíoraithe inbhuanaithe a bheith déanta i dtaca leis an staid i Veiniséala, agus chun go neartófar iarrachtaí Veiniséala arb é is aidhm dóibh an chonair thoghchánach a chaomhnú agus an spás daonlathach sa tír sin a mhéadú, measann an Chomhairle gur cheart na bearta sriantacha a leagtar amach sa Chinneadh a athnuachan go dtí an 10 Eanáir 2025.

(4) D'fhonn eagrú toghchán cuimsitheach inchreidte iomaíoch a chur chun cinn i Veiniséala, i gcomhréir leis an gcomhaontú polaitiúil faoi stiúir Veiniséala ar thángthas air an 17 Deireadh Fómhair 2023 i mBarbadós, agus chun tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Veiniséala chun conair na dtoghchán a chaomhnú agus an spás daonlathach sa tír a mhéadú, ba cheart na srianta taistil a chuirtear i bhfeidhm maidir le ceathrar daoine nádúrtha a áirítear ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 a chur ar fionraí.

(5) Thairis sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le seisear daoine nádúrtha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 a nuashonrú.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2017/2074 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'1a. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na daoine nádúrtha a shainaithnítear le réiltín san Iarscríbhinn.'

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Beidh feidhm ag an gcinneadh seo go dtí an 10 Eanáir 2025.';

(3) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle an 13 Samhain 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala (IO L 295, 14.11.2017, lch. 60).

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/2498 ón gComhairle an 10 Samhain 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala (IO L, 2023/2498, 13.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2498/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Bealtaine 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

B. DALLE

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 mar a leanas:

(1) i ‘Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 6(1) agus 7(1)’, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad iontrálacha 6, 9, 17, 18, 21, 23, 29, 48, 49 agus 50:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘6.	Tarek William SAAB HALABI	Dáta breithe: 10 Meán Fómhair 1963 Áit bhreithe: El Tigre, stát Anzoátegui, Veiniséala Inscne: fireann	Uachtarán na Comhairle Morálta Poblachtaí ó mhí na Nollag 2023. Ard-Aighne Veiniséala arna cheapadh ag an dTionól Bunreachta. Sna róil sin, agus sna róil a bhí aige mar Ombudsman agus mar Uachtarán ar Chomhairle Morálta Poblachtaí, bhain sé an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, trí thacú go poiblí le gníomhaíochtaí in aghaidh lucht freasúra rialtas Veiniséala, agus trí inniúlachtaí a tharraingt siar ón dTionól Náisiúnta.	22.1.2018
9.	Sergio José RIVERO MARCANO	Dáta breithe: 8 Samhain 1964 Inscne: fireann	Ardchigire Fhórsaí Armtha Náisiúnta Bolarvaracha, Ceannasaí Ginearálta an Gharda Náisiúnta Bolavarach go dtí an 16 Eanáir 2018, curtha sa “cúltaca gníomhach” i mí Iúil 2023. Bainteach le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala, agus freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne an Garda Náisiúnta Bolavarach faoina cheannas, lena n-áirítear úsáid fornirt iomarcaigh, agus coinneáil threallach agus mí-úsáid threallach na sochaí sibhialta agus chomhaltaí an fhreasúra. Baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala lena ghníomhaíochtaí agus lena bheartais agus é mar Cheannasaí Ginearálta ar an nGarda Náisiúnta Bolavarach, lena n-áirítear nuair a d’ionsaigh an Garda Náisiúnta Bolavarach comhaltaí den Tionól Náisiúnta a toghadh go daonlathach agus nuair a cuireadh imeaglú ar iriseoirí a dhéanann tuairisciú ar na toghcháin chalaoiseacha don Tionól Bunreachta neamhdhlisteanach.	25.6.2018

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
17.	Socorro Elizabeth HERNÁNDEZ*	Dáta breithe: 11 Márta 1952 Inscne: baineann	Comhalta (Reachtaire) den Chomhairle Náisiúnta Toghchán go dtí an 12 Meitheamh 2020 agus comhalta den Bhord Náisiúnta Toghchán. Tá sí freagrach as gníomhaíochtaí na Comhairle Náisiúnta Toghchán lenar baineadh an bonn den daonlathas i Veiniséala, lena n-áirítear bunú an Tionóil Bhunreachta neamhdhlisteanaigh a éascú agus ionramháil a dhéanamh ar an bpróiseas toghcháin i ndáil le toghchán aisghairthe uachtaráin a cuireadh ar ceal in 2016, toghcháin ghobharnóireachta a cuireadh siar in 2016, agus athshocrú stáisiún vótála ar gearrfhógra roimh thoghcháin ghobharnóireachta in 2017.	25.6.2018
18.	Xavier Antonio MORENO REYES*	Inscne: fireann	Ardrúnaí na Comhairle Náisiúnta Toghchán ó 2009 go dtí Meitheamh 2020. Sa ról sin, d'éascaigh Moreno Reyes cinntí na Comhairle Náisiúnta Toghchán, dhlisteanaigh sé iad agus chothaigh sé iontaoibh iontu, ós rud é go bhfuil ról ag Ardrúnaí na Comhairle Náisiúnta Toghcháin i dtaca leis an gclár oibre a shocrú agus cinntí a chur ar bhonn foirmiúil. Ba é Moreno Reyes a bhí ina Ardrúnaí ar an gComhairle Náisiúnta Toghchán nuair a bhí an bonn ar fad á bhaint den daonlathas agus nuair a cuireadh ról neamhspleách na Comhairle Náisiúnta Toghchán sa phróiseas toghchánach i mbaol. Mar sin, is é atá freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas i Veiniséala, lena n-áirítear bunú an Tionóil Bhunreachta neamhdhlisteanaigh agus ionramháil an phróisis toghcháin a éascú.	25.6.2018
21.	Carlos Alberto CALDERÓN CHIRINOS	Dáta breithe: an 3 Iúil 1970 Uimhir aitheantais: V-10352300 Inscne: fireann	Oifigeach le scothfhórsa Phóilíní Náisiúnta Veiniséala (PNB/FAES). Ceapadh é mar Leas-Stiúrthóir ar Stiúrthóireacht na nGníomhaíochtaí Straitéiseacha agus Oirbheartaíocha de Phóilíní Náisiúnta Bholavaracha in 2023. Roimhe sin, ba shealbhóir oifige sinsearaí (dá ngairtear Coimisinéir Ginearálta, Stiúrthóir El Helicoide agus Stiúrthóir Imscrúduithe Straitéiseacha) sa tSeirbhís Náisiúnta Faisnéise Bholavarach (SEBIN) é. Faoina mhaoirseacht, choinnigh oifigigh na Stiúrthóireachta Imscrúduithe Straitéiseacha daoine faoi choinneáil go neamhdhleathach, rinne siad gníomhartha céastóireachta agus drochíde eile, chomh maith le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céastóireacht, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a thabhairt do dhaoine faoi choinneáil i saoráidí SEBIN. Go háirithe, ghlac sé páirt i ngníomhartha céastóireachta agus thug sé íde atá cruálach, mídhaonna agus táireach do dhaoine faoi choinneáil in El Helicoide, príosún SEBIN, agus tá sé freagrach as na gníomhartha sin.	27.9.2019

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
23.	Rafael Antonio FRANCO QUINTERO	Dáta breithe: 14 Deireadh Fómhair 1973 Uimhir aitheantais: V-11311672 Inscne: fireann	Gineárál Rannáin Arm Náisiúnta Bolarvarach Veiniséala. Gníomhaire sa tSeirbhís Náisiúnta Faisnéise Bholavarach (SEBIN). Ceann Slándála ag Aerfort Idirnáisiúnta Maiquetía ó mhí Lúnasa 2019. Stiúrthóir na Stiúrthóireachta Speisialta Imscrúduithe Coiriúla agus Coiriúlachta in Ard-Stiúrthóireacht na Frithaisnéise Míleata (Dirección General de Contrainteligencia Militar (DGCIM)) idir mí na Samhna 2016 agus mí na Samhna 2018. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céastóireacht, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a bheith á tabhairt, ag baill DGCIM faoina cheannas, do dhaoine faoi choinneáil i saoráidí DGCIM go háirithe in ionad coinneála Boleita. Ina theannta sin, luadh oifigigh faoina údarás le foréigean gnéasach i gcoinne daoine faoi choinneáil. Tá sé freagrach freisin as cos ar bolg ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach a bheith á imirt ag baill DGCIM faoina cheannas. Luaite le bás an Chaptaein Acosta.	27.9.2019
29.	Elvis Eduardo HIDROBO AMOROSO*	Dáta breithe: 4 Lúnasa 1963 Áit bhreithe: Caracas, Distrito Capital, Veiniséala Uimhir aitheantais: V-7659695 Inscne: fireann	Uachtarán Choimisiún Náisiúnta Toghchán Veiniséala ón 24 Lúnasa 2023. Roimhe sin, bhí sé ina Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (idir an 23 Deireadh Fómhair 2018 agus mí Lúnasa 2023) agus bhí sé ina Chéad agus ina Dhara Leas-Uachtarán ar an Tionól Bunreachta Náisiúnta, nach n-aithnítear. Bhain a chuid gníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear trí chosc a chur ar chomhaltaí an fhreasúra a bheith in oifig poiblí go ceann 15 bliana, a bheith i gceannas ar an Tionól Bunreachta Náisiúnta, nach n-aithnítear, “an dlí i gcoinne an fhuatha” a shíniú, údar a thabhairt le gobharnóir freasúra, a toghadh go dlíthiúil, a chur as oifig, agus cosc a chur ar Juan Guaidó seasamh d’aon oifig phoiblí.	29.6.2020

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
48.	Leonardo Enrique MORALES POLEO*	Inscne: fireann	IarLeas-Uachtarán ar an gComhairle Náisiúnta Toghchán (Consejo Nacional Electoral (CNE)) agus Uachtarán ar an gCoimisiún um Rannpháirtíocht Pholaitiúil agus Maoiniúchán (Lúnasa 2020 – Bealtaine 2021). Cheap an Chúirt Uachtarach (Tribunal Supremo de Justicia) Leonardo Enrique Morales Poleo mar Leas-Uachtarán ar an gComhairle Náisiúnta Toghchán agus mar Uachtarán ar an gCoimisiún um Rannpháirtíocht Pholaitiúil agus Maoiniúchán an 7 Lúnasa 2020 cé gurb é sin sainphribhléid an Tionóil Náisiúnta. Thairis sin, díreach sular ceapadh é, bhí sé sa Pháirtí Ard-Fhorásach (Avanzada progresista). Mar chomhalta (reachtóir) agus mar Leas-Uachtarán ar an gComhairle Náisiúnta Toghchán, bhí sé lánpháirteach i bpróiseas cinnteoireachta na Comhairle Náisiúnta Toghchán. Thacaigh sé leis, agus d'éascaigh sé, an maoirseacht ar an bpróiseas toghchánach, a raibh toghcháin neamhdhaonlathacha an Tionóil Náisiúnta an 6 Nollaig 2020 mar thoradh air. Dá bhrí sin, lena chuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn arís eile den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. Ghlac Leonardo Enrique Morales Poleo lena cheapadh ar an gComhairle Náisiúnta Toghchán agus d'fhan sé ina phost mar Leas-Uachtarán ar an gComhairle fad is a bhí an bonn á bhaint den daonlathas i Veiniséala.	22.2.2021
49.	Tania D'AMELIO CARDIET	Dáta breithe: 5 Nollaig 1971 Áit bhreithe: an Iodáil Náisiúntacht: Veiniséalach Uimhir aitheantais: V-11691429 Inscne: baineann	Dara Leas-Uachtarán na Cúirte Uachtaraí (Tribunal Supremo de Justicia (TSJ)) agus Uachtarán Dhlísheomra Bunreachtúil na cúirte sin. Iarchomhalta (reachtaire) den Chomhairle Náisiúnta Toghchán (Consejo Nacional Electoral) ó 2016 go 2023. Iarchomhalta (reachtaire) den Chomhairle Náisiúnta Toghchán ó 2010 go 2016. Rannchuidigh Tania d'Amelio Cardiet, mar reachtaire ar an gComhairle Náisiúnta Toghchán ó 2010 i leith, go díreach trína gníomhaíocht agus í i mbun a cuid feidhmeanna leis an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear trí thoghcháin neamhdhaonlathacha an Tionóil Náisiúnta a ullmhú in 2020, páirt a ghlacadh san athrú a rinneadh ar na noirm thoghcháin do na toghcháin sin an 30 Meitheamh 2020, agus a bheith rannpháirteach i dtoghcháin uachtaránachta 2018 a eagrú agus a chur i gcrích. Thairis sin, ghlac Tania d'Amelio Cardiet lena phost sa Chomhairle Náisiúnta Toghchán, agus í ceaptha ag an gCúirt Uachtarach in 2016, cé gurb é sin sainphribhléid an Tionóil Náisiúnta.	22.2.2021

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1339/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
50.	José Miguel DOMÍNGUEZ RAMÍREZ	Dáta breithe: 17 Deireadh Fómhair 1979 Uimhir aitheantais: V-14444352 Inscne: fireann	Stiúrthóir ar Stiúrthóireacht na nGníomhaíochtaí Straitéiseacha agus Oirbheartaíocha ó mhí Iúil 2022 agus Stiúrthóir Cúnta Phóilíní Náisiúnta Bholavaracha ó mhí Iúil 2023. Iar-Stiúrthóir na bhFórsaí Gníomhaíochta Speisialta (Fuerzas de Acciones Especiales). Iar-Phríomh-Choimisinéir na bhFórsaí Gníomhaíochta Speisialta i Stát Táchira. Ina theannta sin, ba é José Miguel Domínguez Ramírez Stiúrthóir Oibríochtaí na bhFórsaí Gníomhaíochta Speisialta, a thagann faoi Phóilíní Náisiúnta Bholavaracha na Veiniséala. Freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala, arna ndéanamh ag oifigigh na bhFórsaí Gníomhaíochta Speisialta faoina údarás. Tá maruithe seachbhreithiúnacha agus an ról foréigneach a d'imir siad chun easaontú ó lucht freasúra polaitiúil Maduro, ón bhfreasúra agus ó agóideoirí a chur faoi chois de theist ar na Fórsaí Gníomhaíochta Speisialta, agus is mar gheall air sin a d'iarr Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, Michelle Bachelet, go ndéanfaí na Fórsaí Gníomhaíochta Speisialta a dhíscaoileadh. Thairis sin, roimhe seo, bhí Domínguez Ramírez ina bhall d'fhoireann slándála Veiniséala a scaoil urchair le hagóideoirí mac léinn gan airm an 12 Feabhra 2014, a d'fhág mac léinn amháin ar a laghad, Bassil Da Costa, marbh.	22.2.2021'.

(2) cuirtear an abairt seo a leanas i ndiaidh an tábla:

'* Ní bheidh feidhm ag Airteagal 6(1) maidir le hiontrálacha a shainaithnítear le réiltín.'.